


Kilkenny

Geilleagar na hOíche
Night Time Economy

# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA GHEILLEAGAR NA HOÍCHE CHATHAIR CHILL CHAINNIGH

## 2024-2025


Comhairle Chontae Chill Chainnigh
Kilkenny County Council

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Kilkenny

**Aibreán 2024**
**Íomhá Chlúdaigh: James O'Donoghue**
**Grianghrafadóireacht:**
**Féile Lá Fhéile Pádraig Chill Chainnigh**
**Bain Taitneamh as Cill Chainnigh**
**Féile Nollag Chill Chainnigh**
**Stór Ábhair Fháilte Éireann**

# CLÁR ÁBHAIR

Geilleagar na hOíche
Night Time Economy


1 **Cúlra ........................................................ 5**

2 **Comhthéacs Beartais ........................................ 7**

3 **Fís ........................................................ 11**

4 **Príomhcholúin & Cuspóirí Straitéiseacha ........ 13**

5 **Plean Gníomhaíochta agus Cur Chun Feidhme.. 15**

6 **Monatóireacht agus Meastóireacht ................. 29**


## AGUISÍNÍ:


**Aguisín 1:** Tuarascáil Comhairliúcháin Phoiblí agus le Páirtithe Leasmhara Gheilleagar na hOíche Chathair Chill Chainnigh .31

**Aguisín 2:** Ballraíocht Fhóram Gheilleagar na hOíche Chathair Chill Chainnigh ........................................ 65

**Aguisín 3:** Suirbhéanna ........................................ 66

**Aguisín 4:** Gluais Acrainmneacha ........................................ 76

Kilkenny



# TEACHTAIREACHT ÓN GCATHAOIRLEACH AGUS ÓN MÉARA

Fáiltímid roimh an bPlean Gníomhaíochta Gheilleagar na hOíche píolótach seo do Chathair Chill Chainnigh. Is deis atá ann ár bhfís do Chathair Chill Chainnigh agus d'úsáideoirí uile gheilleagar na hoíche a bhunú.

Is creat struchtúrtha atá sa phlean gníomhaíochta seo chun leanúint ar aghaidh ag tacú lenár ngeilleagar oíche bríomhar, gné bhunúsach d'fhéiniúlacht Chill Chainnigh.

Tá an creat seo bunaithe ar cheithre cholún straitéiseacha—comhfhorbairt áite, soghluaisteacht & inrochtaineacht, sábháilteacht & slándáil, agus gníomhaíocht tráthnóna & oíche—agus leagtar amach sa phlean seo cuspóirí agus gníomhaíochtaí a bhfuil sé mar aidhm leo geilleagar oíche Chill Chainnigh a neartú agus a spreagadh.

I rith fhorbairt an phlean gníomhaíochta seo, chinn Comhairle Contae Chill Chainnigh (CCCC) agus Fóram Páirtithe Leasmhara Gheilleagar na hOíche tairbhe a bhaint as cur chuige a bhí bunaithe ar oscailteacht agus ionchuimsitheacht. Chiallaigh an iarracht chomhoibritheach seo gur forbraíodh plean ina ndéantar iarracht cothromaíocht a chinntiú idir riachtanais na bpobal nasctha a thugann saol oíche ár gcathrach chun beochta. Is féidir linn leanúint ar aghaidh ag tacú le timpeallacht uirbeach níos inrochtana agus níos inbhuanaithe a chruthú fad is atá beocht agus fáilteachas Chill Chainnigh á bhfeabhsú ar mhaithe le cónaitheoirí, oibrithe agus cuairteoirí araon.

Is mian linn buíochas ó chroí a ghabháil le baill Fhóram Páirtithe Leasmhara Gheilleagar na hOíche as an gceannaireacht a léirigh siad i ndáil le forbairt an phlean seo, mar aon le ceannasaithe oifigeach na comhairle.

Bhí ról lárnach ag dianphróiseas rannpháirtíochta i múnlú na huaillmhéine agus na dtosaíochtaí a bhfuil cur síos déanta orthu sa phlean gníomhaíochta. Táimid fíorbhuíoch de na daoine ar fad a ghlac páirt sa phróiseas seo. Táimid ag súil le bheith ag obair libh ar fad agus tionchair dhearfacha an phlean gníomhaíochta seo a fheiceáil.



**An Comhairleoir Michael Doyle**
*Cathaoirleach*
Comhairle Contae Chill Chainnigh



**An Comhairleoir Joe Malone**
*Méara*
Cathair Chill Chainnigh

# RÉAMHRÁ



Cúis áthais dom an chéad Phlean Gníomhaíochta faoi Gheilleagar na hOíche do Chathair Chill Chainnigh a chur in bhur láthair. I ndiaidh do Chomhairle Contae Chill Chainnigh (CCCC) iarratas rathúil a chur i dtoll a chéile, roghnaíodh Cathair Chill Chainnigh mar cheantar píolótach chun comhairleoir gheilleagar na hoíche a cheapadh don tréimhse idir Deireadh Fómhair 2023 agus Meán Fómhair 2025.

Sholáthair Tuarascáil Thascfhórsa Gheilleagar na hOíche (a foilsíodh i Meán Fómhair 2021) agus tionscnaimh straitéiseacha eile cosúil leis an bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, Tús Áite do Lár an Bhaile agus PÁEP Chill Chainnigh creat don phlean seo. Is é an aidhm atá leis an bplean cathair a fhorbairt ar féidir linn a bheith bródúil aisti - baile, ceann scríbe agus ionad oibre.

I measc chuspóirí an tionscnaimh phíolótaigh seo tá:

- Fóram gheilleagar na hoíche, atá éagsúil agus ionchuimsitheach, a bhunú.
- Plean gníomhaíochta comhtháite a fhorbairt agus a chur chun feidhme a bheidh curtha in oiriúint do riachtanais Chathair Chill Chainnigh, a bheidh ag freastal ar aoisghrúpaí agus ar amfrámaí éagsúla.
- Creat inbhuanaithe a fhorbairt laistigh de CCCC don obair leanúnach atá á déanamh i riocht Gheilleagar na hOíche, lena n-áirítear fóram páirtithe leasmhara agus próiseas comhairliúcháin a bhunú.

Tá Comhairle Contae Chill Chainnigh lántiomanta don ghníomh píolótach seo a chur i bhfeidhm go rathúil. Is mian linn buíochas a ghabháil le baill Fhóram Páirtithe Leasmhara Gheilleagar na hOíche as tacú linn agus as díograis a léiriú i ndáil le forbairt agus seachadadh an phlean seo.

Is mian liom buíochas a ghabháil lenár maoinitheoirí, ranna na Comhairle, grúpaí, páirtithe leasmhara agus eagraíochtaí a ghlac le freagracht as na gníomhaíochtaí sonracha. Braitheann ár gcuspóirí a chomhlíonadh ar thiomantas, obair chrua agus tiomantas ar mhaithe le fás ionchuimsitheach agus inbhuanaithe Chathair Chill Chainnigh.

I dteannta a chéile, is féidir linn tabhairt faoin aistear seo chun geilleagar oíche a bheidh bríomhar agus bisiúil a chruthú do Chathair Chill Chainnigh.



**Lar Power**
*Príomhfheidhmeannach*
Comhairle Contae Chill Chainnigh

# 1 CÚLRA




Tagraíonn Geilleagar na hOíche don fhreagairt éagsúil roinne agus ghníomhaireachta do ghníomhaíocht gheilleagrach a tharlaíonn i rith an tráthnóna agus na hoíche ó 6pm ar aghaidh.

Tá Geilleagar Oíche bríomhar ag brath ar riocht phoiblí atá dea-dheartha, réitigh iompair éifeachtacha agus gníomhaíochtaí difriúla a tharlaíonn ag céimeanna difriúla d'amfráma Gheilleagar na hOíche.

Bhí forbairt spriocdhírithe Gheilleagar na hOíche in Éirinn bunaithe ar fhreagairt iar-Covid 19 chun tacú leis na hearnálacha a raibh tionchar diúltach ag an bpaindéim orthu. I ndiaidh gealltanas a tugadh faoi Chlár an Rialtais, bhunaigh an RTCEGSM tascfhórsa ilghníomhaireachta chun scrúdú a dhéanamh ar na dúshláin a bhaineann le cultúr agus geilleagar oíche bríomhar a fhorbairt.

Foilsíodh Tuarascáil Thascfhórsa Gheilleagar na hOíche i mí Mheán Fómhair 2021 agus cuimsítear ann 36 moladh praiticiúil a bhaineann le rialáil, ceadúnú, pleanáil, iompar, sábháilteacht agus éagsúlacht na ngníomhaíochtaí atá á dtairiscint i rith na hoíche a mhéadú.

Bhí an fhreagairt thras-rannach agus ghníomhaireachta seo mar bhonn le foilsiú Thuarascáil an Tascfhórsa agus gealltanas roinnt gníomhartha a chur chun feidhme a thacaigh le téarnamh na hearnála ach a bhreithníonn freisin conas is fearr saol oíche níos éagsúla agus níos inbhuanaithe a fhorbairt.

Tugadh gealltanas i nGníomh 19 den tuarascáil do thionscnaimh phíolótacha Gheilleagar na hOíche a fhorbairt agus do Chomhairleoirí Gheilleagar na hOíche a cheapadh sna naoi mbaile agus gcathair ar fud na tíre. I ndiaidh do CCCC iarratas rathúil a dhéanamh, tá Cathair Chill Chainnigh ainmnithe mar chathair phíolótach don tréimhse idir Deireadh Fómhair 2023 agus Meán Fómhair 2025. Seo a leanas na 8 mbaile agus gcathair eile atá ag glacadh páirt sa tionscnamh píolótach - Cathair Bhaile Átha Cliath, Cathair Chorcaí, Cathair na Gaillimhe, Cathair Luimnigh, Droichead Átha, Sligeach, Bun Cranncha agus Baile an Longfoirt.

I mí Dheireadh Fómhair 2023, ceapadh Conor Sweeney mar Chomhairleoir Gheilleagar na hOíche do Chathair Chill Chainnigh chun tacú le struchtúir chomhoibritheacha feabhsaithe a fhorbairt ag leibhéal áitiúil.

Seo a leanas torthaí an tionscnaimh phíolótaigh a bhfuiltear ag súil leo:

- fóram gheilleagar na hoíche a bhunú atá éagsúil agus ionchuimsitheach - a chuireann gach gné de gheilleagar na hoíche san áireamh
- ullmhú agus cur chun feidhme plean gníomhaíochta comhtháite do Chathair Chill Chainnigh chun raon idirghabhálacha cruthaithe a chur ar fáil d'aoisghrúpaí difriúla agus ag amanna difriúla
- struchtúr inbhuanaithe a fhorbairt laistigh de CCCC d'obair níos fadtéarmaí/leanúnach i réimse Gheilleagar na hOíche lena n-áirítear fóram páirtithe leasmhara agus próiseas comhairliúcháin a bhunú.

Tá eolas maidir le hamlíne fhorbairt agus chur chun feidhme an phlean gníomhaíochta le fáil thíos:

| | |
|---|---|
| **Deireadh Fómhair 2023:** | Conor Sweeney a cheapadh mar Chomhairleoir Gheilleagar na hOíche do Chathair Chill Chainnigh |
| **Samhain 2023:** | Cruinniú de chuid Ghrúpa Tras-rannach CCCC Gheilleagar na hOíche |
| **Nollaig 2023:** | An chéad chruinniú; Fhóram PáirtitheLeasmhara Gheilleagar na hOíche |
| **Eanáir 2024- Márta 2024:** | Rannpháirtíocht le Páirtithe Leasmhara agus ceardlanna le príomhpháirtithe leasmhara |
| **Eanáir 2024** | Seoladh Suirbhéanna Gnó agus Poiblí Gheilleagar na hOíche |
| **Aibreán 2024:** | Siúlóid Oíche mórthimpeall ar Chathair Chill Chainnigh le hionadaithe poiblí agus baill den fhóram |
| **Aibreán 2024:** | Dréachtphlean Gheilleagar na hOíche Chathair Chill Chainnigh a chur faoi bhráid Choiste Beartas Straitéisigh um Fhorbairt Gheilleagar, Tacaíocht Fiontair, Turasóireacht agus Pleanáil &; Forbairt Chomhairle Contae Chill Chainnigh |
| **Aibreán 2024:** | Plean Gníomhaíochta Gheilleagar na hOíche Chathair Chill Chainnigh a sheoladh |
| **Aibreán 2024 - Lúnasa 2025:** | Tréimhse cur chun feidhme do Phlean Gníomhaíochta Gheilleagar na hOíche Chathair Chill Chainnigh |

Is é an cur chuige atá mar bhonn leis an tionscnamh seo de chuid CCCC agus fóram páirtithe leasmhara gheilleagar na hoíche tacú le plé oscailte agus ionchuimsitheach chun plean gníomhaíochta píolótach a fhorbairt ina gcinnteofar cothromaíocht idir riachtanais na bpobal idirnasctha atá ag feidhmiú le chéile chun an saol oíche a thabhairt chun beochta. Tríd an méid sin a dhéanamh, is féidir linn leanúint ar aghaidh le cathair atá níos inrochtana agus níos inbhuanaithe a fhorbairt agus ag an am céanna cathair atá níos bríomhaire agus níos fáiltiúla a chruthú dár gcónaitheoirí, oibrithe agus cuairteoirí.


# 2 BEARTAS COMHTHÉACS




Is í Cathair Chill Chainnigh an lonnaíocht is mó i gContae Chill Chainnigh. Tá daonra de **27,184** i gCathair Chill Chainnigh, agus mhéadaigh an daonra seo 2.5% idir 2016 agus 2022. Tá an chathair ainmnithe mar Phríomhbhaile suntasach sa Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Gheilleagrach (SRSG) do Réigiún an Deiscirt. Is í Cathair Chill Chainnigh an dara lonnaíocht is mó san Oirdheisceart agus an ceathrú lonnaíocht is mó i Réigiún an Deiscirt. Chomh maith leis sin, tá Cill

Chainnigh gar d’Aerfort Idirnáisiúnta na Sionainne (155km) agus Eorafort Ros Láir (105km). Sa cheantar áitiúil, tá dhá bhusbhealach ag feidhmiú sa chathair a d'fhreastail ar bhreis is 300,000 paisinéir in 2023. Bíonn seirbhís déanach san oíche, go dtí 11.30pm ar an Aoine agus ar an Satharn, á cur ar fáil ar na busbhealaí seo. Chomh maith leis sin, soláthraíonn Nasc Áitiúil Chill Chainnigh seirbhís tráthnóna Dé Sathairn ó Chill Chainnigh Theas go dtí an chathai (Bealach 4774). Sroicheann na seirbhísí traenach tráthnóna agus oíche deiridh Cathair Chill Chainnigh ag 7.15pm (ó Phort Láirge) agus 8.15pm (ó Bhaile Átha Cliath).

Tá an chathair ainmnithe mar Chathair agus Réigiún Ceardaíochta na Comhairle Ceardaíochta Domhanda le déanaí, ceann amháin de chúig réigiún a bhfuil an t-aitheantas seo faighte acu san Eoraip. Tá cáil ar an gcathair mar gheall ar a hoidhreacht mheánaoiseach shaibhir agus tá neart lánaí aitheanta, sainchomharthaí turasóireachta, ailtireacht bhreá agus atmaisféar bríomhar le fáil inti. Is ceann scríbe suaitheanta é Cill Chainnigh (‘Laochláthair’) in Oirthear Ársa na hÉireann agus áit chónaithe ceann de na sainchomharthaí is aitheanta in Éirinn, Caisleán Chill Chainnigh a tógadh sa 12ú haois, caisleán a raibh breis is 1.4 milliún cuairteoir ag triall air in 2022. Tá lárionad miondíola láidir agus uathúil sa chathair, lena n-áirítear dhá ionad siopadóireachta agus meascán de bhrandaí miondíola aitheanta agus gnóthaí dúchasacha.



Tá Plean Gníomhaíochta Píolótach Gheilleagar na hOíche Chathair Chill Chainnigh 2024-2025 á stiúradh ag Comhairleoir Gheilleagar na hOíche le tacaíocht ó CCCC, RTCEGSM agus Fóram Páirtithe Leasmhara Gheilleagar na hOíche Chathair Chill Chainnigh.

Is é an prionsabal atá mar bhonn le Plean Gníomhaíochta Gheilleagar na hOíche Chathair Chill Chainnigh comhoibriú idir na páirtithe leasmhara éagsúla maidir le físeanna agus gníomhaíochtaí gaolmhara comhaontaithe ar féidir leo cabhrú chun lántairbhe a bhaint as an bpoitéinseal a bhaineann le geilleagar na hoíche, agus a chuireann luach le hobair leanúnach na bpáirtithe leasmhara. De bhrí gur tionscnamh píolótach é seo, is deis atá ann do Chathair Chill Chainnigh tionscnaimh agus tionscadail chomhoibritheacha phíolótacha nua a bhunú agus smaointe nuálacha a chur chun feidhme. D'fhéadfadh an méid a fhoghlaimítear ó na tionscadail seo cabhrú le hinbhuanaitheacht fhadtéarmach gheilleagar na hoíche.

Ceann de na príomhchuspóirí a bhain le forbairt an phlean gníomhaíochta ba ea fóram páirtithe leasmhara ar leith do gheilleagar na hoíche a bhunú. Páirteach san fhóram tá ionadaithe ó eagraíochtaí agus gnóthaí éagsúla ó na hearnálacha seo a leanas - turasóireacht, ealaíon, cultúr, geilleagar, spórt agus pobal, fianaise ar gheilleagar na hoíche lena mbaineann éagsúlacht. Beidh

na baill ag feidhmiú i rith thréimhse an phlean gníomhaíochta. Bhí ról lárnach ag baill an fhóraim i bhforbairt an phlean agus is mian linn buíochas a ghabháil leo as a dtuairimí cuiditheacha a roinnt linn agus as a rannpháirtíocht dhearfach go dtí seo.

Tá liosta iomlán de na páirtithe leasmhara a bhfuil baint acu leis an obair seo le fáil in Aguisín 2.

Is é cuspóir an doiciméid seo moltaí praiticiúla a shainaithint agus a chur chun feidhme chun ár ngeilleagar oíche a fheabhsú, moltaí ar féidir iad a chur i gcrích laistigh de thréimhse dhá bhliain an tionscnaimh phíolótaigh seo. Bhí forbairt an phlean gníomhaíochta bunaithe ar thaighde a rinneadh trí shuirbhéanna gnó agus poiblí ar leithligh, cruinnithe agus ceardlanna lenár bpríomhpháirtithe leasmhara, grúpa oibre tras-rannach gheilleagar na hoíche a bhunú i gComhairle Contae Chill Chainnigh agus rannpháirtíocht rialta lenár bhfóram páirtithe leasmhara gheilleagar na hoíche. Tá tuarascáil taighde agus chomhairliúcháin ar leith ullmhaithe mar iarthéacs leis an bplean gníomhaíochta seo (Aguisín 1)

Forbartha ón 'mbun aníos' ag páirtithe leasmhara áitiúla agus náisiúnta, agus faoi mhaoirseacht CCCC agus RTCEGSM, cuireann an plean nua seo le beartais agus cláir náisiúnta atá forbartha ón 'mbarr anuas', agus cinntítear go bhfuil ailíniú láidir le straitéisí forbartha ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach do Chathair Chill Chainnigh.

Áirítear ina measc:

- Cur Chun Cinn Chill Chainnigh 2030
- Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail Chill Chainnigh (PÁEP) 2023-2028
- Straitéis Forbartha Turasóireachta agus Plean Gníomhaíochta CCCC 2023-2028
- Plean Soghluaisteachta Uirbí Inbhuanaithe Chill Chainnigh
- Plean Forbartha Eispéiris Cinn Scríbe Chill Chainnigh (Fáilte Éireann)
- Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide CCCC 2024-2029
- Straitéis Náisiúnta Ionchuimsithe Míchumais Chill Chainnigh 2023-26
- Plean Tús Áite do Lár an Bhaile

Tá dúshlán fós ag baint le hinfhaighteacht sonraí a bhaineann leis an tionchar atá ag geilleagar na hoíche ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta ach mar chuid den tionscadal píolótach, áfach, déanfaimid iarracht sonraí a bhailiú a bheidh in ann tacú le cinntí eolasacha maidir le forbairt agus tairiscint amach anseo.  Cuirfear sonraí mar seo a leanas san áireamh:

- Suirbhéanna ar líon na gcustaiméirí
- Staitisticí faoi iompar oíche
- Suirbhéanna i ndiaidh imeachtaí
- Iniúchadh ar uaireanta dúnta
- Suirbhé ar thuairimí custaiméirí
- Figiúirí tinrimh ag imeachtaí agus gníomhaíochtaí a raibh geilleagar na hoíche ag tacú leo
- Tuairisciú faoi chúrsaí margaíochta agus faoi na meáin shóisialta
- Sonraí geilleagracha, má tá a leithéid ar fáil

D'fhéadfadh go leor buntáistí a bheith ag baint le geilleagar tráthnóna agus oíche atá dea-fhorbartha lena n-áirítear fás geilleagrach, saibhriú cultúrtha, rannpháirtíocht sa phobal feabhsaithe, níos mó deiseanna do thurasóireacht agus forbairt imeachtaí agus féilte eispéireasacha breise. Ionas gur féidir linn tairbhe a bhaint as na buntáistí seo, ní mór dúinn rath an phlean gníomhaíochta píolótaí a thomhas ionas gur féidir linn a chinntiú go gcuirtear na huaillmhianta atá sonraithe inár ráiteas físe i gcrích.

I measc na bpríomh-mhéadrachta ratha do gheilleagar oíche Chill Chainnigh tá torthaí suirbhé dearfacha, tuairimí feabhsaithe cuairteoirí agus cónaitheoirí, níos mó custaiméirí agus freastal ar raon leathan imeachtaí sa chathair, infhaighteacht iompair oíche feabhsaithe, feabhsuithe bonneagair don úsáideoir oíche, níos mó buntáistí geilleagracha do ghnóthaí agus sciar gutha ar líne níos mó.

Tá ceanglais mhaoinithe luaite le cuid de na gníomhartha atá sonraithe sa phlean agus oibreoidh Comhairleoir Gheilleagar na hOíche i ndlúthpháirt le CCCC, RTCEGSM agus an fóram páirtithe leasmhara chun sruthanna maoinithe oiriúnacha a shainaithint. Chomh maith leis sin, tá deis ann, trí na gníomhartha éagsúla a bhfuil cur síos déanta orthu, chun comhoibrithe agus comhpháirtíochtaí nua a fhorbairt a d'fhéadfadh ardán a sholáthar d'inmharthanacht agus d'inbhuanaitheacht níos fadtéarmaí na tairisceana oíche i gCathair Chill Chainnigh.



# FÍS 3




“Forbair Cathair Chill Chainnigh mar an ceann scríbe is fearr tráthnóna agus oíche in Éirinn do chónaitheoirí agus cuairteoirí, cathair a thairgeann eispéireas inbhuanaithe, bríomhar, cultúrtha agus éagsúil”

Ionas gur féidir oibriú le, agus ár ngeilleagar oíche i gCill Chainnigh a chur chun cinn, ní mór dúinn an méid atá i gceist le geilleagar na hoíche a athshamhlú agus a athshainiú agus breithniú a dhéanamh ar conas a d’fhéadfaimis tairscint oíche atá ionchuimsitheach agus mealltach a fhorbairt tuilleadh. Uaireanta bíonn tuairimí diúltacha ag daoine faoi gheilleagar na hoíche agus faoin saol oíche inár gcathair.

Baineann cuid de na tuairimí seo le níos mó alcóil a bheith á ól, iompar frithshóisialta agus beáir nó ionaid a bheith á ndúnadh déanach san oíche. Tá an fhís seo dréachtaithe laistigh dár gcathair. Is féidir an fhís a thabhairt chun beochta trí thimpeallacht a chruthú ina bhfuil gníomhaíochtaí dearfacha sóisialta, geilleagracha, áineasa agus cultúrtha á n-eagrú do chónaitheoirí, oibrithe agus cuairteoirí araon.

Chun an méid sin a dhéanamh, rinne an fóram páirtithe leasmhara breithniú cúramach air agus chomhaontaigh sé ar uaillmhianta don gheilleagar oíche i gCathair Chill Chainnigh.

# Our ambition for the night-time economy

**Ár nGeilleagar Oíche**

- Cathair inrochtana do gach duine san oíche
- Meon dearfach maidir le sábháilteacht & slándáil sa chathair
- Níos mó rannpháirtíochta i níos mó imeachtaí Gheilleagar na hOíche
- Méadú ar am stoptha & caitheamh tomhaltóirí sa chathair
- Aitheanta & á chur chun cinn mar phríomhcheann scríbe oíche in Éirinn
- Eispéireas Feabhsaithe Cónaitheoirí & Cuairteoirí & folláine sa chathair



# PRÍOMHCHOLÚN & STRAITÉISEACH CUSPÓIRÍ: 4




I rith na céime comhairliúcháin, tháinig sé chun solais go raibh roinnt téamaí cosúla ag teacht chun cinn a bhain leis an ngeilleagar oíche. Trí cheithre cholún a shainaithint faoi Gheilleagar na hOíche Chathair Chill Chainnigh, is féidir linn díriú ar roinnt gníomhartha inseachadta a bhféadfadh tionchar a bheith acu laistigh d'amfráma an tionscnaimh phíolótaigh. Tá eolas maidir leis na ceithre phríomhcholún agus a gcuspóirí ailínithe le fáil thíos:

## Colún 1:

### Comhfhorbairt Áite, Soghluaisteacht & Inrochtaineacht:

***Cill Chainnigh a fhorbairt mar chathair oíche inbhuanaithe a mbeidh a bonneagar ag tacú léi***

Sa cholún seo dírítear ar conas is féidir le cónaitheoirí agus cuairteoirí taitneamh a bhaint as bonneagar, iompar agus inrochtaineacht feabhsaithe i rith na hoíche i gCathair Chill Chainnigh. San áireamh tá naisc iompair isteach chuig agus mórthimpeall ar an gcathair san oíche, infhaighteacht saoráidí agus fóntas poiblí, amanna dúnta ionad, inrochtaineacht na cathrach do gach duine agus na feabhsuithe bonneagair éagsúla a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn lena chinntiú go mbeidh eispéireas dearfach ag daoine san oíche.

## Colún 2:

### Sábháilteacht & Slándáil:

***A chinntiú go mbeidh eispéireas níos fearr ag daoine de gach aois a thugann cuairt ar an gcathair san oíche***

Chun na leibhéil rannpháirtíochta leis an gcathair san oíche a mhéadú, is mian linn a chinntiú go mbeidh eispéireas daoine a thugann cuairt ar Chill Chainnigh san oíche chomh sábháilte agus chomh slán agus is féidir. Príomhbhacainn ar chuairt a thabhairt ar an gcathair san oíche í an tuiscint go bhfuil an chathair, nó áiteanna áirithe sa chathair, contúirteach, go háirithe do mhná, daoine óga agus daoine scothaosta. D'fhéadfaí dul i ngleic leis an tuiscint seo trí dhíriú ar dhearadh agus leagan amach spásanna poiblí, lena n-áirítear soilse níos fearr a chur ar fáil, bealaí sábháilte do rothaithe agus do choisithe mar aon le feachtais eolais phoiblí agus cúrsaí oiliúna a eagrú d'fhoirne a bhíonn ag obair san oíche.

## Colún 3:

### Gníomhaíocht sa Tráthnóna & san Oíche:

***An féilire iontach imeachtaí a bhíonn á reáchtáil i rith na bliana a fheabhsú trí ghníomhaíocht bhreise a eagrú sa tráthnóna agus san oíche chun tacú leis an ngeilleagar i ndiaidh 6pm***

I gCathair Chill Chainnigh, reáchtáiltear neart imeachtaí iontacha a mbíonn na céadta mílte cuairteoirí ag triall orthu gach bliain. Ní mór dúinn a chinntiú gur féidir linn imeachtaí mar seo a eagrú agus ag an am céanna a bheith airdeallach ar riachtanais shíorathraitheacha ár gcónaitheoirí agus cuairteoirí. Trí bheith in ann tairbhe a bhaint as nuáil cuirfimid ar chumas ár gcathrach freagairt do na héilimh seo. Trí raon níos éagsúla imeachtaí agus gníomhaíochtaí a thairiscint sa tráthnóna agus san oíche, is féidir linn díriú ar spriocphobal iomlán nua agus ag an am céanna díriú an athuair ar chohórt daoine ar mian leo taitneamh a bhaint as geilleagar na hoíche ach nach raibh an deis acu é sin a dhéanamh fós mar gheall ar chúiseanna éagsúla.

## Colún 4:

### Margaíocht agus Poiblíocht:

***Cathair Chill Chainnigh a chur chun cinn mar rogha cinn scríbe d'eispéireas oíche***

I dtimpeallacht mhargaíochta iomaíoch atá ag díriú go suntasach ar rannpháirtíocht le spriocphobal trí ardáin meán sóisialta, tá sé tábhachtach go bhfuil teachtaireachtaí soiléire agus comhsheasmhacha á roinnt maidir leis an eispéireas oíche i gCathair Chill Chainnigh. D'fhéadfadh feachtais dhearfacha ar na meáin shóisialta, ábhar tarraingteach agus ardán lárnach d'imeachtaí oíche cabhrú chun cur leis an líon custaiméirí, rátaí rannpháirtíochta gníomhaíochta níos airde agus caiteachas tomhaltóirí níos airde sa chathair san oíche. Príomhghné d'aon tionscnamh margaíochta agus poiblíochta é a chinntiú go mbíonn a fhios ag cuairteoirí agus ag cónaitheoirí "Céard atá ar Siúl i gCill Chainnigh Anocht".



# 5

# PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA & CUR I BHFEIDHM



## Colún 1 - Comhfhorbairt Áite, Soghluaisteacht & Inrochtaineacht

***Cuspóir 1- Cill Chainnigh a fhorbairt mar chathair oíche inbhuanaithe a mbeidh a bonneagar ag tacú léi***

| | Gníomh | Cuspóir agus Tionchar | Táirgí Insoláthartha agus Torthaí | Ceannasaí (Ceannasaithe) /Comhpháirtí (Comhpháirtithe) | Amlíne sheachadta |
|---|---|---|---|---|---|
| **1.1** | Uaireanta oscailte níos faide ar bhonn trialach i spásanna poiblí agus ionaid chultúrtha sa chathair | Tacú le níos mó úsáide a bhaint as saoráidí sa tráthnóna<br><br>Deiseanna breise a chur ar fáil d'ionaid chun imeachtaí a reáchtáil | Iniúchadh a dhéanamh ar uaireanta oscailte faoi láthair<br><br>Spás(anna) atá oiriúnach agus spéisiúil a shainaithint<br><br>Teacht ar chomhaontú maidir le tréimhse trialach oiriúnacha i.e. Samhradh, i rith féilte etc.<br><br>Teacht ar chomhaontú maidir le sceideal d'uaireanta oscailte<br><br>Teacht ar chomhaontú maidir le feachtas margaíochta<br><br>Iarratas a dhéanamh ar uaireanta oscailte breise don gheilleagar tráthnóna agus oíche agus an líon imeachtaí a reáchtáiltear i ndiaidh 6pm i spásanna oscailte roghnaithe a mhéadú | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/CCCC/ ONP/Nithe is díol spéise do chuairteoirí | 2024-2025 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **1.2** | Iniúchadh a dhéanamh ar infhaighteacht iompair déanach san oíche chuig/ó cheantair thuaithe agus triail a bhaint as seirbhís oíche ó/go dtí Cathair Chill Chainnigh | Cinneadh a dhéanamh maidir leis an ngá atá le níos mó roghanna iompair agus iompair agus a leithéid a fhorbairt idir ceantair uirbeacha agus thuaithe agus an chathair san oíche | Iniúchadh a dhéanamh ar na seirbhísí atá ar fáil faoi láthair<br><br>Cinneadh a dhéanamh maidir le suíomh tuaithe chun triail a bhaint as seirbhís idir an suíomh sin agus Cill Chainnigh agus ar ais arís<br><br>Leagan píolótach den tseirbhís seo a sheachadadh agus a mhaoiniú ionas gur féidir cinneadh a dhéanamh maidir le héileamh, toilteanas íoc as a leithéid de sheirbhís etc.<br><br>Má éiríonn go maith leis an triail, scrúdú a dhéanamh ar roghanna maoinithe nó soláthraithe tráchtála a bheadh in ann an tseirbhís a chur ar fáil go rialta<br><br>Cur leis an líon seirbhísí Tráthnóna agus Oíche i gcomparáid leis na seirbhísí bonnlíne a taifeadadh i mí Eanáir 2024 | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/CCCC/An tÚdarás<br><br>Náisiúnta Iompair/ Nasc Áitiúil TFI Chill Chainnigh/ Comhpháirtíocht Leader Chill Chainnigh | 2024-2025 |
| **1.3** | Iniúchadh a dhéanamh ar sheastáin rothar leictreach chun a fháil amach cibé acu atá nó nach bhfuil siad i limistéir shoilsithe agus níos gaire d'ionaid a osclaíonn déanach san oíche | Níos mó roghanna iompair do chuairteoirí agus do chónaitheoirí | Tuarascáil Mheasúnachta a chur ar fáil maidir le hoiriúnacht na suíomhanna i ndáil le freastal ar an nGeilleagar Oíche<br><br>Más féidir, patrún úsáide a bhaineann leis an tréimhse i ndiaidh 6pm a chinneadh<br><br>Níos mó seastán rothair a fhorbairt i limistéir atá gar d'ionaid ina reáchtáiltear gníomhaíocht oíche<br><br>Níos mó úsáideoirí rothair leictrigh Bolt i ndiaidh 6pm. | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/ Foireann Taistil Ghníomhaigh CCCC/Bolt Ireland | 2024 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **1.4** | Iniúchadh a dhéanamh ar infhaighteacht, agus scrúdú a dhéanamh ar roghanna chun cead a thabhairt do níos leithreas poiblí/áiteanna chun athraithe oscailt san oíche | A chinntiú go bhfuil bonneagar ar fáil chun a chinntiú go bhfuil fáilte roimh gach úsáideoir sa chathair | Suíomhanna a shainaithint ina bhfuil gá le níos mó saoráidí leithris agus áiteanna chun athraithe<br><br>Breis saoráidí leithris a chur ar fáil gar do spás poiblí agus ionaid oíche | Oifig Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh | 2024 |
| **1.5** | Comhpháirtíocht a fhorbairt le soláthraí seirbhíse / comhpháirtí gníomhaireachta oiriúnach chun oiliúint Mhíchumais & Chomhionannais a rolladh amach do nithe is díol spéise do chuairteoirí agus don earnáil fáilteachais | Feasacht a mhúscailt maidir le bonneagar agus ionaid phoiblí níos inrochtana | Tacú le suirbhé náisiúnta a bhfuil sé mar aidhm leis dúshláin agus deiseanna a bhaineann le Cathair Chill Chainnigh a thuiscint<br><br>Ceardlann oiliúna amháin gach bliain a chur ar fáil do ghnóthaí Gheilleagar na hOíche<br><br>Cur le feasacht a thacóidh le forbairt ionad atá níos inrochtana agus níos ionchuimsithí | RTCEGSM/ Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/Grúpa Rochtana Chill Chainnigh | 2024 |
| **1.6** | Oibriú le Fáilte Éireann chun a chinntiú go seachadtar an Clár Seaimpíní do ghnóthaí Gheilleagar na hOíche Chill Chainnigh | Cur leis an tuiscint atá ag daoine ar scéal na cathrach san oíche agus ar an eolas atá á chur ar fáil d'úsáideoirí Gheilleagar na hOíche sa chathair | Dhá cheardlann sa bhliain a reáchtáil le béim ar ghnóthaí oíche | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/ Fáilte Éireann/ Turasóireacht Chill Chainnigh/ VFI/ Comhpháirtithe fáilteachais | 2024 & 2025 |

## Colún 2 Sábháilteacht & Slándáil

***Cuspóir - A chinntiú go mbeidh eispéireas níos fearr ag daoine de gach aois a thugann cuairt ar an gcathair san oíche***

| | Gníomh | Cuspóir agus Tionchar | Táirgí Insoláthartha agus Torthaí | Ceannasaí (Ceannasaithe) /Comhpháirtí (Comhpháirtithe) | Amlíne sheachadta |
|---|---|---|---|---|---|
| **2.1** | Tacú le níos mó soilse ar aghaidheanna siopa agus foirgnimh | An bhraistint sábháilteachta agus slándála ar an sráid-dreach a fheabhsú agus an láithreacht agus atmaisféar sráide a fheabhsú. | Scéim phíolótach a fhorbairt chun gnóthaí a spreagadh chun soilse a chur ar a mballaí seachtracha agus aghaidheanna siopa i suíomhanna sonraithe<br>Clár taispeána fuinneoige a fhorbairt do scéalaíocht a d'fhéadfaí a reáchtáil i séasúr áirithe nó mar chuid d'fhéile áirithe<br>An líon áitreabh a ghlacann páirt | CCCC/Tascfhórsa Lár na Cathrach/ Soláthraithe Cultúrtha/ Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh | 2024 |
| **2.2** | Soilse poiblí a fheabhsú, beocht na ríochta poiblí agus na nithe is díol spéise do chuairteoirí a fheabhsú<br>Treochomharthaíocht a chur ar fáil a mbeidh daoine in ann í a fheiceáil san oíche | Níos mó daoine a spreagadh chun cuairt a thabhairt ar an gcathair san oíche<br>Tacú le bealaí sábháilte do choisithe & do rothaithe ar fud na cathrach<br>Cabhrú le cuairteoirí agus le turasóirí nithe is díol spéise agus láithreacha inspéise suntasacha ar fud na cathrach a aimsiú | Limistéir sa chathair a shainaithint a bhfuil soilsiú nó réitigh threochomharthaíochta níos fearr ag teastáil iontu<br>Feabhsuithe a dhéanamh sna limistéir atá sainaitheanta | Oifig Cheantar Bardasach Chathair Chill Chainnigh | 2024-2025 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **2.3** | Oibriú i gcomhpháirt le gnóthaí agus gníomhaireachtaí áitiúla chun feachtais sábháilteachta a rolladh amach e.g. oiliúint fhianaiseach, cairt oíche | Sábháilteacht an phobail a fheabhsú i rith uaireanta Gheilleagar na hOíche agus tacú le gnóthaí agus le gníomhaireachtaí chun cathair shábháilte a chruthú | Oibriú le gníomhaireachtaí náisiúnta agus leis an roinn chun cúrsaí oiliúna áitiúla a eagrú ar bhonn píolótach<br>Tacú le cur chun feidhme cairt oíche<br>Ceardlann oiliúna amháin a chur ar fáil don tionscal gach bliain<br>Líon daoine a ghlac páirt i gcúrsaí oiliúna | RTCEGSM/CCCC/ Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/VFI/An Garda Síochána/ FSS/ Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh | 2024 |
| **2.4** | Daoine a spreagadh chun úsáid a bhaint as taisteal gníomhach san oíche (e.g. rothar a úsáid) | Tacú le taisteal inbhuanaithe agus gníomhach sa chathair san oíche | Dhá sheimineár a eagrú faoi mhuinín úsáideoirí rothair san oíche<br>Tuilleadh feasachta agus oideachais maidir le sábháilteacht rothair san oíche<br>An líon rannpháirtithe sa chúrsa | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/ Foireann Taistil Ghníomhaigh CCCC | 2024 & 2025 |

## Colún 3 Gníomhaíocht sa Tráthnóna & san Oíche

***Cuspóir - An féilire iontach imeachtaí a bhíonn á reáchtáil i rith na bliana a fheabhsú trí ghníomhaíocht bhreise a eagrú sa tráthnóna agus san oíche chun tacú leis an ngeilleagar i ndiaidh 6pm***

| | Gníomh | Cuspóir agus Tionchar | Táirgí Insoláthartha agus Torthaí | Ceannasaí (Ceannasaithe) /Comhpháirtí (Comhpháirtithe) | Amlíne sheachadta |
|---|---|---|---|---|---|
| **3.1** | Scéim Deontais um Éagsúlú Gheilleagar na hOíche a Fhorbairt agus a Chur Chun Feidhme | Chun gnóthaí áitiúla, grúpaí pobail, eagraithe imeachtaí agus daoine aonair a dhreasú agus tacú leo chun imeachtaí píolótacha a reáchtáil ar bhonn trialach, imeachtaí a thacóidh le tairiscint éagsúil agus ionchuimsitheach oíche | An dréachtscéim a fhorbairt bunaithe ar dhea-chleachtas náisiúnta agus béim a leagan ar imeachtaí píolótacha a dhreasú<br><br>Teacht ar chomhaontú maidir le fócas na scéime agus an bhuiséid<br><br>Eolas agus treoirlínte a roinnt a bhaineann leis an bpróiseas iarratais agus glacadh le hiarratais chun deis a thabhairt páirt a ghlacadh sa scéim<br><br>Cur leis an líon imeachtaí oíche a reáchtáiltear i rith fhéilte agus imeachtaí Chathair Chill Chainnigh<br><br>Cur leis an líon imeachtaí atá á reáchtáil i rith an idirshéasúir agus tréimhsí seachbhuaice (Domhnach-Déardaoin) | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/CCCC | 2024 & 2025 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **3.2** | Comhoibriú thrasrannach a spreagadh agus tacú lena leithéid in iarratais ar mhaoiniú deontais náisiúnta | A chinntiú gur féidir le gnóthaí agus le heagraíochtaí i gCill Chainnigh an oiread maoinithe agus is féidir a fháil chun tacú le gníomhaíochtaí agus imeachtaí breise Gheilleagar na hOíche | Tacú le comhoibrithe a spreagfaidh imeachtaí cosúil leis na himeachtaí seo a leanas, agus a leithéid a éascú:<br><br>An Margadh Oíche<br><br>Féile na Soilse<br><br>Tionscnamh Píolótach Gheilleagar na hOíche don Óige<br><br>Imeacht Oíche Aoisbháúil<br><br>Cruinniú na nÓg Déanach san Oíche<br><br>Cur leis an líon iarratas rathúil ar mhaoiniú a dhreasaíonn iarratasóirí chun tacú le agus chun gníomhaíochtaí agus imeachtaí a reáchtáil sa tráthnóna agus san oíche | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/CCCC/ RTCEGSM/ Eagraithe Féilte/ Grúpaí óige/ Aoisbhá Chill Chainnigh/Ionaid/ Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh | 2024 & 2025 |
| **3.3** | Tacú le gníomhaíocht phíolótach Gheilleagar na hOíche a fheabhsóidh clársceidealú don ríocht phoiblí i gCeathrú na Mainistreach agus i gClós an Mhargaidh amach anseo | Tacú le gníomhaíocht bhreise Gheilleagar na hOíche a bheidh mar bhonn leis an líon custaiméirí agus am stoptha a mhéadú agus a úsáideann na spásanna nua atá forbartha | Gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh amach anseo a shainaithint ar tacaíodh leo trí Scéim Deontais um Éagsúlú Gheilleagar na hOíche<br><br>Clár éagsúil imeachtaí sa dá spás ar tacaíodh leo ar dtús trí Phlean Gníomhaíochta agus Ciste Éagsúlaithe Gheilleagar na hOíche | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/CCCC | 2025 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **3.4** | Comhoibriú le CCCC agus gníomhaireachtaí gaolmhara chun gníomhaíochtaí breise gheilleagar na hoíche a chur san áireamh ina gclár bliantúil imeachtaí | Gníomhaíocht Gheilleagar na hOíche a chomhtháthú in imeachtaí agus clársceidealú atá á n-eagrú ag an údarás áitiúil agus ag gníomhaireachtaí | Gníomhaíocht Gheilleagar na hOíche a chur san áireamh i dtionscnaimh cosúil le: Bookville, Seachtain na Rothar, Imeachtaí Aoisbhiáúla, Oíche Chultúir, Cill Chainnigh Sláintiúil<br><br>Níos mó imeachtaí, eispéireas agus gníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha agus spóirt lena n-áirítear gníomhaíochtaí oíche | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/CCCC/ Comhpháirtithe gníomhaireachta/ Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh | 2024 & 2025 |
| **3.5** | Inrochtaineacht agus gníomhaíocht mhiondíola bhreise a spreagadh i ndiaidh 6:00pm | Uaireanta oscailte miondíola níos déanaí a chur ar fáil do chónaitheoirí agus do chuairteoirí<br><br>Sonraí a thiomsú a dhéanann measúnú ar an tionchar atá ag gníomhaíocht mhiondíola níos déanaí san oíche<br><br>Tacú le gnóthaí chun iad féin a bhunú nó chun a gcuid oibríochtaí a fhorbairt agus eolas maidir lena dtairiscint oíche a roinnt<br><br>Aird a tharraingt ar infhaighteacht saoráidí siopadóireachta agus fáilteachais déanach san oíche agus cur leis an líon custaiméirí sa chathair i rith tréimhsí trádála gnóthacha (e.g. Nollag) | An tionscnamh píolótach a chomhordú trí Thascfhórsa Lár na Cathrach<br><br>Na príomhbhacainní ar uaireanta oscailte níos déanaí do shaoráidí miondíola a shainaithint<br><br>Oibriú le miondíoltóirí áitiúla chun tionscnamh píolótach comhordaithe a bhunú d'oscailt déanach san oíche do thréimhse thrialach<br><br>Tacú le dhá imeacht a eagrú a bhfuil sé mar aidhm leo cur leis an líon custaiméirí sa chathair i rith na tréimhse trialaí<br><br>Feachtas margaíochta a eagrú a mhéadaíonn infheictheacht na tairisceana oíche agus a áirítear ann<br><br>tionscnaimh a bheidh mar bhonn leis an líon custaiméirí agus leis an am stoptha sa chathair a mhéadú | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/CCCC/ Tascfhórsa Lár na Cathrach/ MacDonagh Junction/Ionad Siopadóireachta Market Cross/ Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh | 2024 & 2025 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **3.6** | Imeachtaí Déanacha a reáchtáil i gCathair Chill Chainnigh ar Oíche Chultúir | Tairiscint i ndiaidh 9pm a chur ar fáil chun imeachtaí ealaíon níos ionchuimsithí agus nuálacha suntasacha a reáchtáil déanach san oíche do spriocphobail éagsúla | Iarratas rathúil ar mhaoiniú curtha faoi bhráid na Comhairle Ealaíon<br>Imeachtaí nua a reáchtáil i ndiaidh 9pm mar chuid den Oíche Chultúir | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/ Oifig Ealaíon Chill Chainnigh/ An Chomhairle Ealaíon/Ionaid | 2024 & 2025 |
| **3.7** | Leagan píolótach den mhargadh oíche a fhorbairt | Coincheap éagsúil agus ionchuimsitheach a thairiscint a spreagfaidh níos mó daoine chun cuairt a thabhairt ar an gcathair san oíche<br>Líon custaiméirí agus gníomhaíocht gheilleagrach mhéadaithe don chathair | Oibriú le tionscnóirí féilte agus imeachtaí áitiúla chun deiseanna a shainaithint chun margadh oíche píolótach a chur san áireamh ina gclár<br>Úsáid a bhaint as an aiseolas a fhaightear ó thrádálaithe agus lucht freastail margaidh chun bonn eolais a chur ar fáil chun margaí oíche níos inbhuanaithe agus níos rialta a fhorbairt sa chathair<br>Dhá mhargadh oíche a eagrú ar bhonn píolótach i gCathair Chill Chainnigh gach bliain | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/CCCC/ Tionscnóirí Féilte | 2024 & 2025 |
| **3.8** | Tacú le siúlóid phíolótach oidhreachta agus oíche a insíonn scéalta na cathrach san oíche | Tairiscint turasóireachta oíche bhreise a chur ar fáil do chuairteoirí chuig an gcathair agus a fháil amach an bhfuil éileamh ar an turas | Oibriú le treoraithe áitiúla agus le comhpháirtithe oidhreachta chun tionscnamh píolótach a fhorbairt agus a sheachadadh<br>Aird tionscnóirí turas áitiúla a tharraingt ar an tSiúlóid Oíche<br>Níos mó rannpháirtíochta sna siúlóidí oíche. An líon siúlóidí oíche eagraithe | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/Nithe is díol spéise do chuairteoirí/ Treoraithe turais áitiúla | 2024 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **3.9** | Eagraíochtaí áitiúla pobail agus spóirt a spreagadh chun gníomhaíochtaí sóisialta agus áineasa oíche a chur chun cinn sa chathair a thacaíonn le príomhbhealaí aclaíochta | Cur leis an raon éagsúil gníomhaíochtaí atá ar fáil do chónaitheoirí agus do chuairteoirí i gCathair Chill Chainnigh<br><br>Rannpháirtithe a spreagadh chun páirt a ghlacadh in imeachtaí chun a n-am stoptha sa chathair a mhéadú | Cinneadh a dhéanamh maidir le agus poiblíocht a dhéanamh ar phríomhbhealaí aclaíochta oíche, faid éagsúla etc<br><br>Imeachtaí spóirt agus áineasa a eagraítear sa chathair faoi láthair a shainaithint agus tacú leis an lucht eagraithe chun gníomhaíocht oíche a chur ar fáil i dteannta lena imeacht | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/CCCC/ Eagraíochtaí Pobail agus Spóirt Chathair Chill Chainnigh | 2024 & 2025 |
| **3.10** | Sraith straitéisí do Ghnó san Oíche a fhorbairt | Tacú le gnóthaí ionas go mbeidh siad éifeachtach i gcomhthéacs Gheilleagar na hOíche | Sraith straitéisí amháin do ghnóthaí chun an phríomhfhaisnéis agus na príomhthacaíochtaí atá ar fáil a liostú | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/CCCC/ Oifig Fiontair Áitiúil Chill Chainnigh/ Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh | 2024 |

## Colún 4 Margaíocht agus Poiblíocht:

- ***Cuspóir - Cathair Chill Chainnigh a chur chun cinn mar rogha cinn scríbe d'eispéireas oíche***

| | Gníomh | Cuspóir agus Tionchar | Táirgí Insoláthartha agus Torthaí | Ceannasaí (Ceannasaithe) /Comhpháirtí (Comhpháirtithe) | Amlíne sheachadta |
|---|---|---|---|---|---|
| **4.1** | Feachtas margaíochta a fhorbairt do gheilleagar oíche Chathair Chill Chainnigh | Cuirtear le hinfheictheacht na tairisceana oíche agus leis an líon custaiméirí agus am stoptha sa chathair | Tacaítear le heispéiris oíche trí chainéil chumarsáide<br><br>Déantar margaíocht ar Chathair Chill Chainnigh mar cheann scríbe oíche atá bríomhar agus éagsúil<br><br>Brandáil inaitheanta do gheilleagar na hoíche a chruthú a thacaíonn le gníomhaíocht san oíche<br><br>Níos mó feasachta ar agus tuiscint níos fearr ag cuairteoirí ar Gheilleagar Oíche Chathair Chill Chainnigh Teachtaireachtaí níos soiléire faoi Gheilleagar na hOíche i gCill Chainnigh atá dírithe ar shaoránaigh agus ar chuairteoirí araon ina bhfuil béim á leagan ar an bpobal áitiúil chun tacú le níos mó úsáide a bheith á baint ag cónaitheoirí as an gcathair | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/CCCC/ Turasóireacht Chill Chainnigh/ Fáilte Éireann/ Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh | 2024 |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **4.2** | Cainéal cumarsáide lárnach a shainaithint agus tacú leis, cainéal a thacaíonn le himeachtaí agus gníomhaíochtaí san oíche i.e. eolas faoi na himeachtaí atá ar siúl | Níos mó airde a tharraingt ar imeachtaí agus gníomhaíochtaí a bhíonn ar siúl sa chathair | Measúnú a dhéanamh ar na roghanna atá ar fáil<br>Teacht ar chomhaontú maidir le clár oibre, buiséad agus tréimhse trialach<br>Méadracht shoiléir a léiríonn méadú ar chumarsáid agus rannpháirtíocht ar na meáin shóisialta atá mar bhonn le freastal ar imeachtaí oíche a mhéadú | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/CCCC/ Turasóireacht Chill Chainnigh/ Fáilte Éireann/ Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh | 2024 |
| **4.3** | Feachtas eolais a fhorbairt agus a chur chun cinn a tharraingíonn aird ar infhaighteacht roghanna sábháilte páirceála agus iompair do dhaoine atá ag triall ar agus ag fágáil na cathrach san oíche | Níos mó feasachta a chruthú agus níos mó úsáide a bhaint as iompar oíche sa chathair | Léarscáileanna rothaíochta sábháilte a fhorbairt agus a roinnt le daoine chun aird a tharraingt ar na bealaí is fearr agus is sábháilte chun rochtain a fháil ar an gcathair (e.g. ar rothair)<br>Oibriú le soláthraithe iompair áitiúla chun seirbhísí atá ar fáil i ndiaidh 6pm a liostú agus a chur chun cinn<br>Aird a tharraingt ar roghanna páirceála thar oíche do charranna atá ar fáil sa chathair san oíche | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/CCCC/ Foireann Taistil Ghníomhaigh/ Nasc Áitiúil TFI Chill Chainnigh/ Oibritheoirí Tacsaí/ Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh | 2024 |
| **4.4** | Seimineár cumarsáide & margaíochta a eagrú do ghnóthaí oíche | Aird a tharraingt ar na buntáistí a bhaineann le feachtas margaíochta a bheith á eagrú ag gach gnó oíche a thacaíonn le teachtaireacht dhearfach don gheilleagar oíche i gCill Chainnigh | Ceardlann amháin a eagrú gach bliain | Comhairleoir Gheilleagar na hOíche/OFÁ Chill Chainnigh/ Turasóireacht Chill Chainnigh/ Fáilte Éireann/ Comhlachas Tráchtála Chill Chainnigh | 2024 & 2025 |



# 6 MONATÓIREACHT & MEASTÓIREACHT




Cuirfear Plean Gníomhaíochta Píolótach do Gheilleagar Oíche Chathair Chill Chainnigh chun feidhme idir Aibreán 2024 agus Meán Fómhair 2025.Tá gníomhaíochtaí tosaíochta sainaitheanta sa phlean gníomhaíochta a gcuirfear tús leo in 2024. De bhrí gur tionscadal píolótach é sin, gné lárnach chun a chinntiú go bhfuil na gníomhartha éagsúla ag freagairt go cuí don athrú i rith na tréimhse feidhmithe í monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i ndáil leis na gníomhartha éagsúla. D'fhéadfaí a áireamh anseo scéimeanna nó tionscnaimh mhaoinithe áitiúla nó náisiúnta nuafhorbartha a d'fhéadfadh tacú leis na colúin agus leis na cuspóirí atá leagtha amach sa phlean. Trí rannpháirtíocht leanúnach le RTCEGSM agus le fóram Páirtithe Leasmhara Gheilleagar na hOíche, déanfar measúnú leanúnach ar an bplean chun na gníomhartha a chuirfidh ar ár gcumas cinneadh a dhéanamh maidir le tionchar chur chun feidhme na straitéise a shainaithint agus a athbhreithniú.

## Freagrachtaí:

Tá an plean ceadaithe go foirmiúil ag baill den Choiste Forbartha Geilleagraí, agus is ar RTCEGSM atá an fhreagracht fhoriomlán as an bplean agus tá Fóram Páirtithe Leasmhara Gheilleagar na hOíche ag tacú léi. Táthar i ndiaidh teacht ar chomhaontú maidir le struchtúr an Fhóraim Páirtithe Leasmhara agus táthar ag cinntiú go bhfuil ionadaíocht leathan ag páirtithe leasmhara gheilleagar na hoíche ó Chathair Chill Chainnigh agus ó na gníomhaireachtaí ábhartha.

Tá acmhainn do Chomhairleoir Gheilleagar na hOíche curtha ar fáil de réir comhaontaithe idir an t-údarás áitiúil agus an Roinn. Tabharfaidh RTCEGSM comhairle, treoir, maoiniú agus tacaíocht leanúnach do Chomhairleoir Gheilleagar na hOíche i ndáil leis an bpróiseas de réir mar is gá.

Go sonrach, beidh na cúraimí seo a leanas san áireamh i ról Chomhairleoir Gheilleagar na hOíche:

- Bainistíocht laethúil chur chun feidhme agus sheachadadh an phlean gníomhaíochta.
- Cruinnithe leis an bhFóram Páirtithe Leasmhara a eagrú agus clár oibre a ullmhú.
- Riar agus cothabháil sonraí an fhóraim páirtithe leasmhara
- Ullmhú na dTuarascálacha ar Dhul Chun Cinn a bhainistiú agus a chomhordú atá le síniú ag an bhFóram Páirtithe Leasmhara agus atá le cur faoi bhráid CCCC agus RTCEGSM

Tionólfar trí chruinniú, ar a laghad, leis an bhfóram páirtithe leasmhara gach bliain do thréimhse an Phlean agus déanfar athbhreithniú ar na gníomhaíochtaí agus cuirfear nuashonruithe maidir le dul chun cinn ar fáil i rith na gcruinnithe sin. Tá PTFanna sonracha sainaitheanta do roinnt gníomhaíochtaí agus tuairisceofar maidir leo sin sna tuarascálacha ar dhul chun cinn freisin a bheidh comhaontaithe ag an bhfóram páirtithe leasmhara agus a chuirfear ar fáil don Roinn ina dhiaidh sin. I gcásanna nuair nach mbíonn tomhas inchainníochtaithe luaite le torthaí, cuirfear achoimre ghonta ar fáil maidir leis an bhfeidhmíocht go dtí seo.

## Monatóireacht a dhéanamh ar aschuir:

Cuirfidh an Fóram Páirtithe Leasmhara dhá Thuarascáil ar Dhul Chun Cinn, scríofa, faoi bhráid CCCC agus na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, thar ceann an fhóraim, ina ndéantar cur síos ar an méid seo a leanas:

- dul chun cinn déanta i ndáil leis na gníomhartha go dtí deireadh 2024;
- Tuarascáil deiridh ar dhul chun cinn ina ndoiciméadaítear an cur chun feidhme iomlán go dtí Meán Fómhair 2025 agus ina soláthraítear moltaí maidir le hinbhuanaitheacht gheilleagar na hoíche i gCathair Chill Chainnigh amach anseo.

Chomh maith leis sin, d'fhéadfaí an méid seo a leanas a áireamh iontu

- Léargas staitistiúil nuashonraithe sa chás go bhfuil sonraí ar fáil agus go bhfuil siad tomhaiste
- Cuspóirí Straitéiseacha breise nó gníomhaíochtaí a bheith san áireamh atá comhaontaithe ag an bhFóram Páirtithe Leasmhara agus nuashonrú maidir leis in.

Kilkenny



Comhairle Chontae Chill Chainnigh
Kilkenny County Council

**An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Design by Sini Design 087 626 6135